



Leanúnachas Scolaíochta: Treoir do Thuismitheoirí agus Caomhnóirí Daltaí Bunscoile




Cad leis is féidir liom a bheith ag súil ó scoil mo linbh?



Is féidir leat a bheith ag súil leis go dtacódh an scoil agus na múinteoirí leat trí:


- Do leanbh a **spreagadh** chun dul chun cinn a dhéanamh agus páirt a ghlacadh
- **Teagmháil a dhéanamh** leat agus tú a chur ar an eolas faoin slí is éasca chun teagmháil a dhéanamh leis an scoil agus le múinteoirí do linbh
- Obair agus gníomhaíochtaí atá oiriúnach agus spéisiúil a **leagadh amach**
- **Aiseolas a thabhairt** ar obair do linbh ar mhaithe le fanacht ceangailte
- **Rochtain a sheiceáil** agus tacaíocht a thabhairt duit agus dod' leanbh má tá an leathanbhanda lag nó muna bhfuil gléas agat.

Conas mar a dhéanfaidh an scoil cumarsáid le mo leanbh agus cé chomh minic?



- Is féidir leat a bheith ag súil leis go mbeidh an scoil agus na múinteoirí i dteagmháil leat **go laethúil** nó, **cúpla uair** i rith na seachtaine ar a laghad
- Má tá riachtanais speisialta oideachais ag do leanbh, is féidir leat a bheith ag súil le teagmháil rialta, agus **laethúil más gá**.
- Braithfidh an chaoi a ndéanfaidh an scoil teagmháil leat ar **cad atá praiticiúil** duitse agus dod' leanbh – fón, rphost, ardán foghlama nó aip scoile
- Ba cheart duit **teagmháil a dhéanamh leis an scoil** má tá imní ort faoin méid teagmhála atá ag do leanbh lena múinteoirí.

Conas is féidir liom tacú le mo leanbh?



Níltear ag súil leis go mbeifeá mar mhúinteoir ag do leanbh le linn an ama seo ach is féidir leat lámh cúnata a thabhairt trí:

- **Gnáthaimh laethúla a leagadh síos** ina dtugtar am do ghníomhaíochtaí teaghlaigh agus fóillíochta
- **Spás ciúin** a chur ar fáil le go mbeidh do leanbh **ullamh don fhoghlaim**
- Labhairt leo faoina gcuid oibre agus **a gcuid iarrachtaí a mholadh**
- **Seiceáil** go rialta le haghaidh cumarsáid ón scoil
- Súil a choimeád ar **RTÉ Home School Hub** agus **Cúla4 ar Scoil**

Conas is féidir liom tacú le leanbh a bhfuil deacrachtaí acu obair scoile a dhéanamh ón mbaile?



Níl tusa nó do leanbh i d'aonar. Tá sé ag dul dian ar a lán daoine a bheith ag obair nó foghlaim ó bhaile.

- Faigh **am ciúin chun labhairt led' leanbh** le gur féidir leat a dhéanamh amach cad faoi ndeara na deacrachtaí
- Pléigh na **rudaí a d'fhéadfadh cabhrú** agus tagaigí ar réitigh **le chéile**
- Aontaígí gnáthaimh nua a thugann deis dod' leanbh páirt a ghlacadh in imeachtaí taitneamhacha atá sodhéanta dóibh
- Cabhraigh leo **machnamh a dhéanamh ar na rudaí is mó is spéis leo** agus a gcuid spriocanna
- Ná bíodh drogall ort **cúnamh a lorg** ón scoil

Conas is féidir liom cabhrú le mo leanbh agus iad páirteach sa chianfhoghlaim?



- Bí **feasach faoi chur chuige na scoile** i leith na cianfhoghlama
- Déan **maoirseacht** ar ghníomhaíochtaí do linbh ar líne
- Déan brabhsálaithe gréasáin agus scagairí idirlín atá aois-oiriúnach **a shuiteáil**
- Spreag do leanbh chun **na rialacha atá leagtha síos ag an múinteoir** maidir le gníomhaíocht ar líne a leanúint
- Spreag do leanbh chun **an bhail choirp chuí** a bheith air féin agus é ag obair
- Tá teacht ar bhreis comhairle ag **webwise.ie/ga/tuismitheoiri/**



Fan dearfach



Fan gníomhach



Fan i dteagmháil le baill clainne agus le cairde